Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11202/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0206 (BUD)**

**FIN 819**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 410 final |
| Ábhar: | DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 2<br>A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2025<br>Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 410 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 410 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.7.2025
COM(2025) 410 final

2025/0206 (BUD)

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 2**
**A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2025**

**Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas**

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2025, a glacadh an 27 Samhain 2024[3],

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2025[4], a glacadh an 9 Aibreán 2025,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad 2025 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

3 IO L, 2025/31, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/31/oj.

4 COM(2025) 350, 9.4.2025.

# Clár Ábhar

**1. RÉAMHRÁ** .......... **3**

**2. NUASHONRÚ AR IONCAM** .......... **4**

2.1 TIONCHAR FORIOMLÁN DBL 2/2025 AR DHÁILEADH NA nÍOCAÍOCHTAÍ ACMHAINNÍ DÍLSE IOMLÁNA IDIR NA BALLSTÁIT .......... 4
2.2 ATHBHREITHNIÚ AR RÉAMHAISNÉISÍ NA mBONN ADT, CBL, PPW AGUS OIN .......... 5
2.3 RANNÍOCAÍOCHT NA RÍOCHTA AONTAITHE .......... 9
2.4 FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA .......... 10
2.5 TIONCHAR AR AN RANNÍOCAÍOCHT ACMHAINNE DÍLSE BUNAITHE AR OIN LE hAGHAIDH 2025 .......... 10

**3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS** .......... **13**

3.1 AN CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE (CETFT) A THREISIÚ .......... 13
3.2 COIGEARTUITHE AR CHLÁIR I nGEALLTANAIS FAOI CHEANNTEIDIL 1, 3 AGUS 4 .......... 13
3.3 LÍNE BHUISÉID AN AONTAIS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA A THREISIÚ .......... 14
3.4 AN tÚDARÁS UM CHOMHRAC AN SCIÚRTHA AIRGID (ÚCSA) .......... 15

**4. MAOINIÚ** .......... **15**

**5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI** .......... **17**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. Réamhrá

Le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 2 don bhliain 2025, nuashonraítear an ghné ioncaim agus an ghné chaiteachais den bhuiséad. A mhéid a bhaineann le taobh an ioncaim, cuirtear san áireamh sa nuashonrú na forbairtí is déanaí maidir leis an méid seo a leanas:

- réamhaisnéisí nuashonraithe na n□acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad 2025 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD) an 26 Bealtaine 2025. De ghnáth, cuirtear an nuashonrú sin i láthair go gairid tar éis chruinniú réamhaisnéise CCAD, i gcomhréir le hionchais na mBallstát go ndéanfar nuashonruithe CCAD a bhuiséadú a luaithe is féidir;
- an t-ioncam eile amhail fíneálacha agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe.

A mhéid a bhaineann le taobh an chaiteachais, áirítear na gnéithe sonracha seo a leanas in DBL 2/2025:

- treisiú leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), tar éis dlús a chur le riachtanais íocaíochta. Tá sé sin á spreagadh ag iarrachtaí na mBallstát dlús a chur le cur chun feidhme a bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-2027, agus dúnadh na clárthréimhse roimhe sin (2014-2022) á thabhairt chun críche an tráth céanna;
- treisiú i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don chlár Custaim i gCeannteideal 1, chun tacú le cur chun feidhme tionscnamh polaitiúil nua i réimse na gcóras custaim láraithe, agus treisiú i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) i gCeannteideal 3, atá nasctha le hinfheistíochtaí TF chun na bearta simplithe a mhol an Coimisiún i mí Feabhra 2025 a bhaint amach[5]. Cúiteofar na treisithe sin le laghdú coibhéiseach ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ón Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC) faoi Cheannteideal 4;
- treisiú i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i líne buiséid an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta mar thoradh ar na riachtanais bhreise a bhaineann leis na hullmhúcháin maidir le dul isteach na Bulgáire sa limistéar euro, agus é mar aidhm aige gníomhaíochtaí cumarsáide a bhaineann leis an euro sa Bhulgáir a chómhaoiniú;
- tús-ualú ó 2026 go 2025 ar roinnt post i bplean bunaíochta an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚCSA) chun go mbeidh an ghníomhaireacht nuachruthaithe sin in ann tús a chur le hearcaíocht gan difear a dhéanamh do leibhéal na ranníocaíochta ó bhuiséad an Aontais.

Ar an iomlán, is é méadú EUR 3,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 3,5 billiún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí tionchar glan DBL 2/2025 ar chaiteachas.

---

[5] COM(2025) 87, 26.2.2025.

## 2. NUASHONRÚ AR IONCAM

### 2.1 Tionchar foriomlán DBL 2/2025 ar dháileadh na n□íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána idir na Ballstáit

Comhaontaíodh na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh 2025 ag an 194ú cruinniú de chuid CCAD an 26 Bealtaine 2025. Tá gá leis na coigeartuithe ar ghné ioncaim an bhuiséid chun na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) agus na hacmhainní dílse atá bunaithe ar an gCáin Bhreisluacha (CBL), ar Dhramhaíl ó Phacáistíocht Phlaisteach neamh□athchúrsáilte (PPW) agus ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) a thabhairt cothrom le dáta, agus réamhaisnéisí eacnamaíocha an earraigh á gcur san áireamh (féach roinn 2.2).

Thairis sin, déantar méid na n-ioncam eile a thabhairt cothrom le dáta chun ranníocaíocht athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe, chomh maith le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha arna mbriseadh go cinntitheach ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann, a chur san áireamh (féach ranna 2.3 agus 2.4, faoi seach).

Léirítear tionchar foriomlán choigeartuithe ioncaim uile an DBL seo sa tábla achomair thíos. Léirítear sa tábla seo freisin dáileadh na n-íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána i measc na mBallstát mar a dhéantar iad a bhuiséadú i mbuiséad tosaigh 2025, mar a áirítear in DBL 1/2025 agus ar deireadh mar a áirítear in DBL 2/2025 seo.

**Dáileadh na n□íocaíochtaí acmhainní dílse iomlána arna ndéanamh ag na Ballstáit (i milliúin EUR)**

| | Buiséad 2025 | DBL 1/2025 | DBL 2/2025 |
|---|---|---|---|
| | (1) | (2) | (3) |
| **BE** | 6 890,9 | 6 844,4 | 7 125,2 |
| **BG** | 929,8 | 922,4 | 977,8 |
| **CZ** | 2 753,6 | 2 731,0 | 2 732,3 |
| **DK** | 2 961,0 | 2 930,5 | 3 103,5 |
| **DE** | 33 695,7 | 33 362,2 | 33 605,4 |
| **EE** | 348,5 | 345,6 | 352,2 |
| **IE** | 3 605,0 | 3 573,7 | 3 435,8 |
| **EL** | 2 075,6 | 2 058,1 | 2 169,4 |
| **ES** | 14 183,6 | 14 066,9 | 14 990,3 |
| **FR** | 25 787,2 | 25 563,9 | 25 712,1 |
| **HR** | 740,5 | 734,1 | 783,8 |
| **IT** | 19 039,8 | 18 877,7 | 19 233,6 |
| **CY** | 273,9 | 271,7 | 292,2 |
| **LV** | 381,8 | 378,5 | 367,5 |
| **LT** | 685,0 | 679,3 | 718,5 |
| **LU** | 447,0 | 442,8 | 461,0 |
| **HU** | 2 006,0 | 1 990,2 | 1 904,2 |
| **MT** | 179,5 | 178,1 | 185,4 |
| **NL** | 9 243,1 | 9 161,7 | 9 664,6 |
| **AT** | 3 500,9 | 3 463,1 | 3 361,3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| PL | 7 952,6 | 7 888,6 | 8 045,7 |
| PT | 2 514,1 | 2 493,3 | 2 649,1 |
| RO | 3 117,1 | 3 089,9 | 3 182,4 |
| SI | 689,0 | 683,9 | 705,8 |
| SK | 1 094,9 | 1 085,0 | 1 210,2 |
| FI | 2 352,6 | 2 331,1 | 2 330,6 |
| SE | 3 712,2 | 3 668,8 | 3 768,5 |
| **AE** | **151 160,9** | **149 816,3** | **153 068,4** |

## 2.2 Athbhreithniú ar réamhaisnéisí na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN

I gcomhréir le hAirteagal 44(1), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán Airgeadais[6], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún maoiniú an bhuiséid a athbhreithniú ar bhonn réamhaisnéisí eacnamaíocha nuashonraithe. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, comhaontaítear na réamhaisnéisí athbhreithnithe ioncaim leis na Ballstáit i nós imeachta réamhaisnéise CCAD.

Baineann an t□athbhreithniú leis an réamhaisnéis maidir le ADT atá le híoc leis an mbuiséad in 2025, chomh maith le réamhaisnéis na mbonn CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2025. An réamhaisnéis a áirítear i mbuiséad 2025 a glacadh, comhaontaíodh í ag an 191ú cruinniú de chuid CCAD a reáchtáladh an 23 Bealtaine 2024. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú sa DBL 2/2025 atá ann faoi láthair na réamhaisnéisí a comhaontaíodh ag an 194ú cruinniú de chuid CCAD a reáchtáladh an 26 Bealtaine 2025. Trí réamhaisnéis nuashonraithe maidir le hacmhainní dílse a úsáid, cuirtear feabhas ar chruinneas na réamhaisnéisí ioncaim agus, dá bhrí sin, cuirtear feabhas ar chruinneas na n□íocaíochtaí a iarrtar ar na Ballstáit a dhéanamh le buiséad an Aontais le linn na bliana airgeadais.

Tá réamh-mheastacháin ioncaim an Choimisiúin bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an earraigh 2025 ón gCoimisiún[7]. Meastar go leanfaidh geilleagar an Aontais de bheith ag fás ag ráta measartha i mbliana, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfás in 2026 d'ainneoin éiginnteacht mhéadaithe maidir le beartas domhanda agus teannas trádála. Leanann an boilsciú de bheith ag laghdú agus meastar go mbainfidh sé sprioc 2 % BCE amach i mbliana. Tá rioscaí fós ag dul i dtreo an donais de réir mar a d'fhéadfadh an teannas domhanda dul in olcas.

Tuartar i réamhaisnéis an Earraigh gurb ar leibhéal 1,1 % a bheidh an fíorfhás OTI in 2025 san Aontas agus ar leibhéal 0,9 % sa limistéar euro – isteach is amach ar na rátaí céanna a baineadh amach in 2024. Is íosghrádú suntasach é sin i gcomparáid le Réamhaisnéis Fhómhar 2024, go príomha mar gheall ar thionchar na dtaraifí méadaithe agus an éiginnteacht mhéadaithe mar gheall ar na hathruithe tobanna a rinneadh le déanaí ar bheartas trádála na Stát Aontaithe agus ar an dothuarthacht a bhaineann le cumraíocht deiridh na dtaraifí. D'ainneoin na ndúshlán sin, meastar go n-ardóidh fás OTI an Aontais go 1,5 % in 2026, le tacaíocht ó fhás leanúnach tomhaltais agus ó theacht aniar na hinfheistíochta.

Cuireann réamhaisnéis ADT leis na réamh-mheastacháin ar allmhairí lasmuigh den Aontas i réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. In 2024, mhéadaigh fíorfhás OTI domhanda (gan an tAontas a áireamh) go leibhéal 3,6 % mar thoradh ar an bhfás sa tSín a bhí níos láidre ná mar a raibh coinne leis agus mar thoradh ar fheidhmíocht láidir sna Stáit Aontaithe. Ag féachaint chun cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar luas an fháis. Réamh-mheastar gur ar leibhéal 3,2 % a bheidh an fás domhanda lasmuigh den Aontas i gcomhair 2025 agus 2026 araon, sin leibhéal atá faoi bhun an

6 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

7 An Coimisiún Eorpach, 2025, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2025, Geilleagar na hEorpa, Páipéar Institiúideach 318.

3,6 % a bhfuil coinne leis san fhómhar. Cé go raibh an fás trádála fós láidir sa chéad ráithe de 2025, mar thoradh is dócha ar réamhcheannacháin roimh theacht na dtaraifí, meastar go méadóidh an trádáil dhomhanda (lasmuigh den Aontas) de réir ráta a bheidh go mór faoi bhun na gníomhaíochta eacnamaíche domhanda thar an tréimhse réamhaisnéise.

An cás eacnamaíoch atá ina bhonn le buiséad 2025, tá sé ina bhonn taca leis na meastacháin is déanaí maidir le hAcmhainní Dílse Traidisiúnta agus boinn mheasta na n-acmhainní dílse eile:

- Tuartar go mbaileofar EUR 20 878,6 milliún ar an iomlán i ndleachtanna custaim in 2025, gan costais bhailiúcháin 25 % a áireamh, ar laghdú 1,0 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 21 082,0 milliún atá san áireamh i mbuiséad 2025. Rinne an Coimisiún comparáid idir torthaí mhodh traidisiúnta réamhaisnéise CCAD (bunaithe ar na rátaí fáis atá tuartha d'allmhairí lasmuigh den Aontas) agus torthaí an mhodha eachtarshuímh (bunaithe ar na sonraí olltoraidh is déanaí maidir le dleachtanna custaim a bailíodh, i.e. Eanáir – Aibreán 2025). Mar atá tarlaithe le blianta beaga anuas, glacann an Coimisiún cur chuige coimeádach lena n-áirithítear bainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs na luaineachta agus na neamhchinnteachta móire eacnamaíche agus airgeadais. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an modh réamhaisnéise traidisiúnta a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar réamhaisnéis ADT 2025. Is é an toradh atá air sin ioncam beagán níos ísle EUR 0,2 billiún i gcomparáid le Buiséad 2025 a glacadh.
- Tuartar gurb é EUR 7 987 388,2 milliún bonn CBL neamhchaidhpeáilte iomlán an Aontais i gcomhair 2025, ar laghdú 2,3 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 8 178 934,6 milliún i mí na Bealtaine 2024 a iontráladh i mbuiséad 2025 a glacadh. Tuartar gurb é EUR 7 938 170,6 milliún bonn CBL caidhpeáilte iomlán an Aontais i gcomhair 2025[8], ar laghdú 2,4 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 8 131 540,0 milliún i mí na Bealtaine 2024. Cuirtear ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL caidhpeáilte i láthair i dTáblaí 2 agus 6 den iarscríbhinn bhuiséadach atá i gceangal.
- Is é 9 449 256,7 tona an réamhaisnéis maidir le PPW neamh□athchúrsáilte san Aontas in 2025, ar laghdú 3,5 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis 9 790 925,7 tona i mí na Bealtaine 2024. Cuirtear ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar PPW neamh□athchúrsáilte i láthair i dTáblaí 3 agus 6 den iarscríbhinn bhuiséadach atá i gceangal.
- Tuartar gurb é EUR 18 544 533,7 milliún bonn OIN iomlán an Aontais le haghaidh 2025, ar méadú beag 0,5 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 18 444 991,2 milliún i mí na Bealtaine 2024.

Baineadh úsáid as rátaí malairte an 31 Nollaig 2024 chun na boinn thuartha CBL agus OIN sna hairgeadraí náisiúnta a thiontú go EUR, le haghaidh na seacht mBallstát nach baill den limistéar euro iad. Seachnaíonn sé sin saobhadh, ós rud é gurb ionann na rátaí sin agus na rátaí a úsáidtear chun íocaíochtaí acmhainní dílse buiséadaithe a chomhshó ó EUR go hairgeadraí náisiúnta nuair a ghlaoitear isteach na méideanna, mar a shonraítear in Airteagal 10a(1) de Rialachán 609/2014 ón gComhairle[9].

Leagtar amach sa tábla seo a leanas réamhaisnéisí athbhreithnithe ADT, boinn CBL neamhchaidhpeáilte, boinn PPW neamh-athchúrsáilte agus boinn OIN le haghaidh 2025, mar a glacadh iad ag an 194ú cruinniú de chuid CCAD:

---

8 Sonraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse 2020 nach rachaidh an bonn CBL thar 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit. I gcás DBL 2/2025, déanfar an bonn CBL sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Chróit, sa Chipir, i Lucsamburg, i Málta agus sa Phortaingéil a uasteorannú ag 50 % de OIN.

9 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse atá bunaithe ar CBL agus acmhainní dílse atá bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/609/oj), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 (IO L 115, 13.4.2022, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/615/oj).

**Réamhaisnéisí athbhreithnithe na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2025**

| | Custam (75 %) | Boinn CBL neamhchaidhpeáilte | Boinn PPW neamh-athchúrsáilte | Boinn OIN | Boinn CBL chaidhpeáilte[10] |
|---|---|---|---|---|---|
| | EUR milliúin | | tonaí | EUR milliúin | |
| BE | 2 414,9 | 242 960,1 | 170 848,0 | 643 991,4 | 242 960,1 |
| BG | 134,7 | 55 830,5 | 87 669,3 | 106 413,7 | 53 206,9 |
| CZ | 346,7 | 133 413,7 | 141 805,8 | 318 930,8 | 133 413,7 |
| DK | 392,5 | 153 370,4 | 168 243,8 | 430 779,0 | 153 370,4 |
| DE | 3 961,5 | 1 860 530,2 | 1 560 637,0 | 4 564 313,5 | 1 860 530,2 |
| EE | 33,3 | 21 581,6 | 23 346,4 | 40 726,9 | 20 363,5 |
| IE | 436,2 | 139 643,2 | 245 358,6 | 399 384,3 | 139 643,2 |
| EL | 282,8 | 108 367,1 | 177 245,2 | 243 316,8 | 108 367,1 |
| ES | 1 980,1 | 758 468,3 | 1 187 191,7 | 1 662 759,2 | 758 468,3 |
| FR | 1 970,5 | 1 399 344,8 | 1 744 099,3 | 3 039 807,3 | 1 399 344,8 |
| HR | 68,0 | 54 205,2 | 57 002,4 | 91 450,9 | 45 725,5 |
| IT | 2 226,0 | 953 830,8 | 1 180 664,8 | 2 242 071,3 | 953 830,8 |
| CY | 46,0 | 24 125,5 | 13 643,4 | 31 904,7 | 15 952,4 |
| LV | 44,5 | 20 350,5 | 27 823,9 | 41 144,8 | 20 350,5 |
| LT | 91,1 | 34 633,3 | 60 831,5 | 81 046,3 | 34 633,3 |
| LU | 15,2 | 46 632,5 | 13 786,3 | 58 199,2 | 29 099,6 |
| HU | 227,7 | 79 312,.8 | 299 165,9 | 205 894.6 | 79 312,8 |
| MT | 19,8 | 11 361,5 | 14 909,2 | 20 761,5 | 10 380,8 |
| NL | 3 221,2 | 499 764,0 | 266 974,5 | 1 181 192,8 | 499 764,0 |
| AT | 211,0 | 240 404,2 | 206 872,5 | 493 506,8 | 240 404,2 |
| PL | 1 153,8 | 389 614,4 | 683 974,8 | 886 542,4 | 389 614,4 |
| PT | 252,7 | 157 286,3 | 287 871,6 | 294 154,0 | 147 077,0 |
| RO | 296,0 | 135 991,7 | 386 302,6 | 373 417,3 | 135 991,7 |
| SI | 175,4 | 32 045,5 | 31 861,1 | 69 517,2 | 32 045,5 |
| SK | 200,4 | 58 380,7 | 67 432,7 | 133 619,8 | 58 380,7 |
| FI | 141,7 | 130 137,0 | 109 231,0 | 286 612,9 | 130 137,0 |
| SE | 534,9 | 245 802,4 | 234 463,4 | 603 074,3 | 245 802,4 |
| AE | **20 878,6** | **7 987 388,2** | **9 449 256,7** | **18 544 533,7** | **7 938 170,6** |

[10] Is ó na boinn CBL chaidhpeáilte a tháinig na méideanna atá aibhsithe i ndath liath, mar a mhínítear i bhfonóta 9 thuas.

## 2.3 Ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le híoc i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (an 'Comhaontú um Tharraingt Siar')[11] agus cumhdaítear léi go háirithe sciar na Ríochta Aontaithe sna gealltanais gan íoc roimh 2021 atá le híoc in 2025, chomh maith le sciar na Ríochta Aontaithe i ndliteanais an Aontais (amhail pinsin), i bhfíneálacha agus sna dliteanais airgeadais theagmhasacha. Áirítear i ranníocaíocht fhoriomlán na Ríochta Aontaithe freisin na méideanna atá dlite don Ríocht Aontaithe i ndáil le ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse le haghaidh na mblianta airgeadais go dtí 2021.

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe bunaithe ar sciar na Ríochta Aontaithe[12], a ríomhtar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile, lena n□áirítear an Ríocht Aontaithe, ar fáil le linn na tréimhse sin. Rinneadh sciar na Ríochta Aontaithe a choigeartú in 2022 i gcomhréir le hAirteagal 139 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Socraíodh sciar cinntitheach na Ríochta Aontaithe ag 12,431681219587700 %.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe le buiséad 2025. Áirítear ann na heilimintí a d'íoc an Ríocht Aontaithe cheana féin idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2025 mar chuid de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2024, na heilimintí a áiríodh i sonrasc mhí Aibreáin 2025, agus meastacháin le haghaidh na n-eilimintí atá le cur san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair 2025 atá ar eolas ag an gcéim seo. Mar thoradh ar an nuashonrú, tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe beagán níos ísle i gcomparáid leis an meastachán a áirítear i mbuiséad 2025, mar gheall go príomha ar mhéideanna tuairiscithe na ndliteanas teagmhasach, na nglancheartúchán airgeadais agus na bhfíneálacha. Déantar an méid athbhreithnithe de ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a áirítear in DBL 2/2025 a ríomh agus na módúlachtaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar á gcur san áireamh.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an meastachán a tugadh isteach i mbuiséad 2025 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Ar an iomlán, laghdóidh sé sin ranníocaíocht mheasta na Ríochta Aontaithe le buiséad 2025 faoi EUR 25 mhilliún mar thoradh ar an laghdú EUR 28 milliún ar ioncam ginearálta agus ar an méadú EUR 3 mhilliún ar ioncam sannta.

**Ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe in 2025 (in EUR)**

| | Tagairt don Airteagal den Chomhaontú um Tharraingt Siar | 2025 |
|---|---|---|
| **Ranníocaíocht iomlán na Ríochta Aontaithe in 2025, ina bhfuil:** | | **1 531 558 230** |
| **1. RAL roimh 2021 (lena n-áirítear ceartúcháin airgeadais) - le híoc in 2025** | Airteagal 140 | 1 962 577 295 |
| **2. Dliteanais/pinsin an Aontais*** | Airteagal 142 | 333 909 059 |
| **3. Ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse, ina bhfuil:** | | -112 481 913 |
| *3.1 Barrachas/easnamh 2020* | Airteagal 136(3)(a) | *neamhbhainteach* |
| *3.2 Nuashonruithe ar cheartúchán na Ríochta Aontaithe (2018-2019)* | Airteagal 136 | *neamhbhainteach* |
| *3.3. CBL & OIN* | Airteagal 136 | *-129 385 294* |

11 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign).

12 Dá dtagraítear in Airteagal 136(3), pointí (a) agus (c), agus in Airteagail 140 go 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

| | Tagairt don Airteagal den Chomhaontú um Tharraingt Siar | 2025 |
|---|---|---|
| *3.4. ADT* | Airteagal 136, Airteagal 140(4) | *16 903 381* |
| **4. Fíneálacha** | Airteagal 141 | -430 713 697 |
| **5. Dliteanais theagmhasacha, ina bhfuil:** | | -179 528 681 |
| *5.1 Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh, CEIS, CEFI, iasachtaí (Cistí ráthaíochta)* | Airteagal 143 | *-190 618 069* |
| *5.2 Ionstraimí Airgeadais* | Airteagal 144 | *-57 908 118* |
| *5.3 Cásanna dlí (lena n-áirítear fíneálacha)* | Airteagal 147 | *68 997 506* |
| **6. Glansócmhainní CEGC** | Airteagal 145 | -36 874 795 |
| **7. Infheistíocht CEI** | Airteagal 146 | -6 648 463 |
| **8. Rochtain ar líonraí/córais/bunachair sonraí**** | Airteagal 34(2), Airteagail 50 agus 53, Airteagal 62(2), Airteagal 63(1)(e), Airteagal 63(2), Airteagal 99(3), Airteagal 100(2) | 1 319 424 |
| ** Cuirfear méid EUR 306 mhilliún isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta.*<br>*** Le cur isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam sannta.* | | |

## 2.4 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha a briseadh ón bhí an 1 Eanáir ann, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a iontráil i mbuiséad 2025:

a) EUR 409 milliún d'fhíneálacha iomaíochta.
b) EUR 36 mhilliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa mhéid gur theip orthu oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.
c) EUR 54 mhilliún de thorthaí diúltacha ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, méadú EUR 291 mhilliún a chur leis na réamhaisnéisí tosaigh de EUR 101 mhilliún a tugadh isteach i mbuiséad 2025, le go mbeadh iomlán EUR 392 mhilliún sna réamhaisnéisí sin.

Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

*EUR*

| Líne ioncaim | Ainm | Buiséad 2025 | DBL 2/2025 | Méid nua |
|---|---|---|---|---|
| 4 2 0 | Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta | 100 000 000 | 309 213 301 | 409 213 301 |
| 4 2 1 | Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát | p.m. | 35 915 569 | 35 915 569 |
| 4 2 4 | Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha | 1 000 000 | -1 000 000 | 0 |
| 4 2 5 | Ús, muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh | p.m. | -53 553 502 | -53 553 502 |
| 4 2 9 | Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile | p.m. | 0 | 0 |
| **Iomlán** | | **101 000 000** | **290 575 368** | **391 575 368** |

## 2.5 Tionchar ar an ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN le haghaidh 2025

Agus na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh ADT, le haghaidh na hacmhainne dílse atá bunaithe ar CBL agus le haghaidh na hacmhainne dílse atá bunaithe ar PPW neamh□athchúrsáilte á gcur san

áireamh, tá laghdú EUR 1 056 848 116 tagtha ar mhéid na n□acmhainní dílse seachas OIN. In éineacht leis an méadú EUR 262 916 406 ar ioncaim eile (mar éifeacht chomhcheangailte an mhéadaithe EUR 291 mhilliún ar ioncam ó fhíneálacha agus an laghdaithe EUR 28 milliún ar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe) agus leis an méadú EUR 3 515 000 500 ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadaítear leis sin ranníocaíocht OIN faoi EUR 4 308 932 210 i gcomparáid le DBL 1/2025.

Chun go n□urramófar prionsabal na cothromaíochta is infheidhme maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh atá cumhdaithe in Airteagal 310(1) CFAE, ní mór an ráta aonfhoirmeach atá le cur i bhfeidhm ar shuim OIN na mBallstát uile a athríomh agus an t□ioncam eile ar fad á chur san áireamh.

Socraítear mar a leanas an ráta aonfhoirmeach athríofa don acmhainn dhílis bunaithe ar OIN:

Ráta aonfhoirmeach le cur i bhfeidhm ar 1 % de OIN = (caiteachas iomlán – ioncam eile – glanmhéid iomlán ADT – acmhainn dhílis bunaithe ar CBL – acmhainní dílse bunaithe ar PPW neamh□athchúrsáilte) / 1 % de OIN

Ráta aonfhoirmeach:

= (158 724 322 482 – 5 655 892 524 – 20 878 600 000 – 23 814 511 650 – 6 848 152 160) / 185 445 337 000

= 0,547477589840935

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i bhfianaise an ráta aonfhoirmigh nua:

**Bliain airgeadais 2025 (in EUR)**

| Ballstát | 1 % den bhonn OIN a úsáidtear le haghaidh DBL 1/2025 | Ráta aonfhoirmeach acmhainní dílse bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 1/2025 | 1 % de bhonn OIN (réamhaisnéis chomhaontaithe CCAD) | Ráta aonfhoirmeach acmhainní dílse bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 2/2025 | Difríocht in OIN |
|---|---|---|---|---|---|
| | (1) | (2) | (3) | (4) | (5) = (3 x 4) - (1 x 2) |
| BE | 6 373 532 000 | | 6 439 914 000 | | 166 403 524 |
| BG | 1 016 864 000 | | 1 064 137 000 | | 46 631 445 |
| CZ | 3 105 884 000 | | 3 189 308 000 | | 109 052 692 |
| DK | 4 183 696 000 | | 4 307 790 000 | | 153 312 873 |
| DE | 45 754 657 000 | | 45 643 135 000 | | 872 632 197 |
| EE | 402 230 000 | | 407 269 000 | | 10 966 808 |
| IE | 4 305 400 000 | | 3 993 843 000 | | - 82 712 746 |
| EL | 2 396 683 000 | | 2 433 168 000 | | 68 882 400 |
| ES | 16 010 458 000 | | 16 627 592 000 | | 664 582 901 |
| FR | 30 632 824 000 | | 30 398 073 000 | | 496 584 855 |
| HR | 879 236 000 | | 914 509 000 | | 37 253 221 |
| IT | 22 236 829 000 | | 22 420 713 000 | | 554 446 075 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CY** | 303 168 000 | | 319 047 000 | | 14 879 966 |
| **LV** | 441 106 000 | 0,5270712 | 411 448 000 | 0,5474776 | - 7 235 704 |
| **LT** | 773 462 000 | | 810 463 000 | | 36 040 796 |
| **LU** | 573 891 000 | | 581 992 000 | | 16 146 167 |
| **HU** | 2 169 944 000 | | 2 058 946 000 | | - 16 488 164 |
| **MT** | 201 752 000 | | 207 615 000 | | 7 326 894 |
| **NL** | 11 174 919 000 | | 11 811 928 000 | | 576 788 058 |
| **AT** | 5 186 936 000 | | 4 935 068 000 | | - 32 045 377 |
| **PL** | 8 789 073 000 | | 8 865 424 000 | | 221 153 831 |
| **PT** | 2 849 768 000 | | 2 941 540 000 | | 108 396 629 |
| **RO** | 3 734 533 000 | | 3 734 173 000 | | 76 011 295 |
| **SI** | 696 184 000 | | 695 172 000 | | 13 652 564 |
| **SK** | 1 351 469 000 | | 1 336 198 000 | | 19 218 092 |
| **FI** | 2 942 462 000 | | 2 866 129 000 | | 18 254 460 |
| **SE** | 5 962 952 000 | | 6 030 743 000 | | 158 796 458 |
| **Iomlán** | **184 449 912 000** | | **185 445 337 000** | | **4 308 932 210** |

## 3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS

### 3.1 An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a threisiú

Bhí na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a áiríodh ar dtús i mbuiséad 2025 don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) bunaithe ar thoimhdí faichilleacha, lena léirítear tearc-fhorghníomhú na gclár sna blianta roimhe sin. Mar sin féin, bunaithe ar na dearbhuithe caiteachais a fuarthas go dtí seo agus ar na réamhaisnéisí is déanaí a chuir na Ballstáit isteach ag deireadh mhí Eanáir 2025, meastar faoi láthair easnamh íocaíochtaí de EUR 3,5 billiún ag deireadh na bliana.

Tá dlús á chur anois le forghníomhú Phleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027, rud a chúitíonn an tearc-fhorghníomhú sna chéad bhlianta den chlárthréimhse sin. Measann an Coimisiún go bhfuil gá breise le híocaíochtaí dar luach EUR 1,78 billiún in 2025 sa bhreis ar na leithreasuithe buiséid a ar vótáladh ina bhfabhar.

Ar an gcaoi chéanna, bhí luas thíolacadh na ndearbhuithe caiteachais le haghaidh chláir CETFT 2014-2022 níos mó ná na hionchais sa chéad leath de 2025 agus meastar go leanfar den luathú sin i rith na bliana. Tá coinne le heasnamh EUR 1,73 billiún ag deireadh na bliana. Is iad iarrachtaí na mBallstát chun forghníomhú a uasmhéadú agus saoradh a sheachaint roimh dhúnadh na gclár in 2026 is cúis leis na forbairtí sin.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 08 03 01 01 | Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT | 0 | 1 784 000 000 |
| 08 03 01 02 | Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi chláir 2014-2022 | 0 | 1 730 000 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **3 514 000 000** |

San am céanna, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fud an bhuiséid. Tar éis an tsamhraidh, déanfaidh sé breithniú ar réamhaisnéisí nuashonraithe na mBallstát maidir le Comhtháthú (le soláthar faoi dheireadh mhí Iúil) agus ar chur chun feidhme iarbhír an bhuiséid faoi mhí Mheán Fómhair, mar chuid den chleachtadh um Ollaistriú chun leithreasuithe buiséid a choigeartú de réir riachtanais dheireadh na bliana arna dtabhairt cothrom le dáta le haghaidh na gclár uile.

### 3.2 Coigeartuithe ar chláir i ngealltanais faoi Cheannteidil 1, 3 agus 4

Is gá an clár Custaim faoi Cheannteideal 1 a threisiú ar mhéid EUR 60 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas chun tionscnaimh pholaitiúla nua a chur chun feidhme i réimse na gcóras custaim láraithe, lena n-áirítear le haghaidh ríomhthráchtála agus ullmhú an Mhoil Sonraí Custaim, chomh maith le roinnt tionscnaimh níos lú amhail cruthúnas tionscnaimh leictreonach, digitiú réamhtheachtaithe drugaí, soghluaisteacht trealaimh mhíleata, onnmhairiú earraí cultúrtha agus nuachóiriú an líonra choitinn.

Ina theannta sin, tá gá leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) i gCeannteideal 3 a threisiú ar mhéid EUR 8,35 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tar éis an togra ón gCoimisiún maidir le simpliú SCCT[13]. Cuirfidh sé ar a chumas don Choimisiúin na bearta is gá a mhaoiniú chun ceanglais riaracháin SCCT a shimpliú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear réitigh TF nua a fhorbairt, cumais laghdaithe riosca agus faireacháin a fheabhsú, agus bearta coiscthe calaoise a chur

[13] COM(2025) 87 final, 2025/0039 (COD)

chun feidhme. Úsáidfear an treisiú freisin chun costais na ngníomhaíochtaí for-rochtana agus na staidéar a bhaineann le simpliú SCCT a chumhdach.

Cúiteofar na treisithe sin le laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na hIonstraime um Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC) faoi Cheannteideal 4. Sainaithníodh coigilteas in ITRC mar gheall ar nósanna imeachta soláthair náisiúnta fada nó ganntanais i soláthar trealaimh ábhartha ar an margadh domhanda, rud ba chúis le moilleanna cur chun feidhme sna Ballstáit.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 03 05 01 | Comhar i réimse an chustaim (Custam) | 60 000 000 | 0 |
| 09 20 04 01 | Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha | 8 350 000 | 0 |
| 11 03 01 | Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim | - 68 350 000 | 0 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

### 3.3 Líne bhuiséid an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a threisiú

Tá an Bhulgáir ar an mbóthar ceart chun dul isteach sa limistéar euro an 1 Eanáir 2026. D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Tuarascáil dhearfach maidir le Cóineasú an 4 Meitheamh[14] lena ndeimhnítear gur chomhlíon an Bhulgáir na critéir uile chun an t-airgeadra aonair a ghlacadh. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil agus cinneadh deiridh ó Chomhairle ECOFIN an 8 Iúil. Faoi réir cinneadh dearfach, beidh gá le gníomhaíochtaí cumarsáide chun rannchuidiú le faisnéis thráthúil, spriocdhírithe agus bheacht do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin faoi na gnéithe praiticiúla a bhaineann le tabhairt isteach an euro agus faoi na tairbhí a bhaineann lena thabhairt isteach.

Mar a tharla i gcás tabhairt isteach an euro roimhe seo, agus i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le heagrú gníomhaíochtaí cumarsáide a síníodh idir an Coimisiún Eorpach agus Poblacht na Bulgáire an 12 Aibreán 2024, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí cumarsáide na Bulgáire a chómhaoiniú le haghaidh uasmhéid 50 % de na costais a thabhaítear. Comhfhreagraíonn na costais iomlána do 1 euro in aghaidh an chónaitheora.

Déantar an líne bhuiséid thiomnaithe 06 20 04 01 ‘Comhordú agus faireachas ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro, agus cumarsáid maidir leis’ a mhaoiniú faoi fho-cheannteideal 2b (Athléimneacht agus Luachanna). Tá leibhéal an-teoranta leithreasuithe ar fáil chun na críche sin gach bliain, a leithdháiltear cheana féin ar ghníomhaíochtaí athfhillteacha ar fud an limistéir euro. Chun an caiteachas eisceachtúil nua sin a chumhdach, tá gá le treisiú EUR 3,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, agus tá gá freisin le treisiú EUR 1 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun an réamh-mhaoiniú don Bhulgáir in 2025 a chumhdach.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 06 20 04 01 | Comhordú agus faireachas ar an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, lena n-áirítear an euro, agus cumarsáid maidir leis | 3 335 000 | 1 000 500 |
| **Iomlán** | | **3 335 000** | **1 000 500** |

[14] Páipéar Institiúideach 320, Meitheamh 2025.

### 3.4 An tÚdarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚCSA)

Tá an tÚdarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚCSA)[15] ag a chéim thionscnaimh. Cé go bhfuil roinnt moilleanna ann mar thoradh ar chaibidlíocht fhada chun an tÚdarás a bhunú in Frankfurt i gcomparáid leis an amchlár a bhí beartaithe ar dtús chun a chuid gníomhaíochtaí a thabhairt isteach de réir a chéile, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le forbairt ÚCSA in 2025. Cuireadh tús le próiseas earcaíochta seachtrach tosaigh na ngníomhairí sealadacha le haghaidh ról na saineolaithe in aghaidh sciúradh airgid i mí Eanáir 2025, agus bunaíodh liosta ionadaithe de 60 iarrthóir le déanaí.

Chun é a chur ar a chumas do ÚCSA na cúraimí a leagtar amach ina Rialachán bunaidh a dhéanamh gan mhoill agus chun a áirithiú gur féidir na sprioc-amanna dlíthiúla a leagtar síos le haghaidh mhí Iúil 2026 a chomhlíonadh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tús áite a thabhairt do 30 post sa phlean bunaíochta a leithdháileadh ar ÚCSA le haghaidh 2026, agus a bhfuil liosta ionadaithe d'iarrthóirí oiriúnacha bunaithe ag an Údarás ina leith cheana féin. Thairis sin, tá sé beartaithe dhá phost AST 3 a uasghrádú go AST 5.

Mar gheall ar uainiú an athraithe ar an bplean bunaíochta agus fad an nós imeachta earcaíochta (lena n-áirítear tréimhsí fógra), beidh na riachtanais bhuiséadacha ghaolmhara le haghaidh ÚCSA in 2025 an-íseal agus, dá bhrí sin, is féidir na poist bhunaíochta bhreise a mhaoiniú laistigh de ranníocaíocht bhuiséad an Aontais atá ann cheana le haghaidh 2025. Dá bhrí sin, tá an tús-ualú foirne sin neodrach ó thaobh buiséid de do bhuiséad an Aontais. Ina theannta sin, ní dhéanfar difear do ranníocaíocht bhuiséad 2026 an Aontais leis an Údarás, ós rud é nach n-athrófar líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta a iarradh cheana le haghaidh 2026 agus gur féidir freastal ar na riachtanais tuarastail don fhoireann laistigh de ranníocaíocht bhuiséad an Aontais atá beartaithe do 2026.

Leagtar an plean bunaíochta nuashonraithe amach san iarscríbhinn bhuiséadach.

## 4. Maoiniú

Ar an iomlán, is é méadú EUR 3,3 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 3 515,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí tionchar glan DBL 2/2025 ar chaiteachas. Tá sé beartaithe an ghné ioncaim den bhuiséad a choigeartú mar a leagtar amach in DBL 2/2025.

Ós rud é nach bhfuil corrlaigh ná spás le haghaidh ath-leithdháileadh ann faoi fho-cheannteideal 2b, molann an Coimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[16] le haghaidh méid EUR 3,34 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh fho-cheannteideal 2b, d'fhonn líne bhuiséid an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a threisiú.

Meastar gurb é EUR 1 399,81 milliún atá i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2025 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2022 go 2025. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc le haghaidh na mblianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

---

15 Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj).

16 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

| *An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *Bliain slógtha* | **2025** | **2026** | **2027** | **Lasmuigh de CAI** | **Iomlán** |
| 2022 | 36,7 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | **36,7** |
| 2023 | 120,6 | 83,2 | 0,0 | 0,0 | **203,8** |
| 2024 | 107,6 | 83,7 | 46,3 | 0,0 | **237,5** |
| 2025 | 1 134,9 | 15,8 | 9,4 | 5,7 | **1 165,8** |
| **Iomlán** | **1 399,8** | **182,7** | **55,7** | **5,7** | **1 643,9** |

# 5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

*In EUR*

| | | Buiséad 2025 (lena n-áirítear DBL 1/2025) | | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 2/2025 | | Buiséad 2025 (lena n-áirítear DBLanna 1-2/2025) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** | **LfcG** | **LfcÍ** |
| 1 | **An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **21 480 062 907** | **20 460 646 037** | **60 000 000** | | **21 540 062 907** | **20 460 646 037** |
| | *Uasteorainn* | *21 596 000 000* | | | | *21 596 000 000* | |
| | *Corrlach* | *115 937 093* | | *-60 000 000* | | *55 937 093* | |
| 2 | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **77 980 175 680** | **44 445 178 937** | **3 335 000** | **1 000 500** | **77 983 510 680** | **44 446 179 437** |
| | *Uasteorainn* | *75 697 000 000* | | | | *75 697 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *1 141 593 584* | | *3 335 000* | | *1 144 928 584* | |
| | *Agus de sin, faoi Ionstraim EURI* | *1 141 582 096* | | | | *1 141 582 096* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 66 365 744 035 | 33 260 377 346 | | | 66 365 744 035 | 33 260 377 346 |
| | *Uasteorainn* | *66 361 000 000* | | | | *66 361 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *4 744 035* | | | | *4 744 035* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 11 614 431 645 | 11 184 801 591 | 3 335 000 | 1 000 500 | 11 617 766 645 | 11 185 802 091 |
| | *Uasteorainn* | *9 336 000 000* | | | | *9 336 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *1 136 849 549* | | *3 335 000* | | *1 140 184 549* | |
| | *Agus de sin, faoi Ionstraim EURI* | *1 141 582 096* | | | | *1 141 582 096* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 3 | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **56 731 317 594** | **52 091 510 102** | **8 350 000** | **3 514 000 000** | **56 739 667 594** | **55 605 510 102** |
| | *Uasteorainn* | *57 336 000 000* | | | | *57 336 000 000* | |
| | *Corrlach* | *604 682 406* | | *-8 350 000* | | *596 332 406* | |
| | **Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **39 975 892 542** | **40 030 717 961** | | | **39 975 892 542** | **40 030 717 961** |
| | *Fo-uasteorainn CERT* | *41 646 000 000* | | | | *41 646 000 000* | |
| | *Difríocht an tslánaithe arna eisiamh chun an fochorrlach a ríomh* | *72 000* | | | | *72 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-1 117 072 000* | | | | *-1 117 072 000* | |
| | *An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)* | *40 529 000 000* | | | | *40 529 000 000* | |
| | *Fochorrlach CERT* | *553 107 458* | | | | *553 107 458* | |
| 4 | **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **4 791 148 024** | **3 203 947 754** | **-68 350 000** | | **4 722 798 024** | **3 203 947 754** |
| | *Uasteorainn* | *4 781 000 000* | | | | *4 781 000 000* | |
| | *Corrlach* | *79 851 976* | | *68 350 000* | | *148 201 976* | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | **Slándáil agus Cosaint** | **2 632 589 260** | **2 143 154 694** | | | **2 632 589 260** | **2 143 154 694** |
| | *Uasteorainn* | *2 617 000 000* | | | | *2 617 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *15 589 260* | | | | *15 589 260* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 6 | **An Chomharsanacht agus an Domhan** | **16 308 245 797** | **14 426 257 975** | | | **16 308 245 797** | **14 426 257 975** |
| | *Uasteorainn* | *16 303 000 000* | | | | *16 303 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *5 245 797* | | | | *5 245 797* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | | | | | | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 7 | **Riarachán Poiblí Eorpach** | **12 845 030 641** | **12 845 030 641** | | | **12 845 030 641** | **12 845 030 641** |
| | *Uasteorainn* | *12 124 000 000* | | | | *12 124 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *721 030 641* | | | | *721 030 641* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| | **agus de sin: Caiteachas riaracháin na n□institiúidí** | **9 720 485 985** | **9 720 485 985** | | | **9 720 485 985** | **9 720 485 985** |
| | *Fo-uasteorainn* | *9 219 000 000* | | | | *9 219 000 000* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *501 485 985* | | | | *501 485 985* | |
| | *Fochorrlach* | | | | | | |
| | **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **192 768 569 903** | **149 615 726 140** | **3 335 000** | **3 515 000 500** | **192 771 904 903** | **153 130 726 640** |
| | ***Uasteorainn*** | ***190 544 000 000*** | ***175 378 000 000*** | | | ***190 544 000 000*** | ***175 378 000 000*** |
| | ***Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***1 162 428 641*** | ***1 398 811 957*** | ***3 335 000*** | ***1 000 500*** | ***1 165 763 641*** | ***1 399 812 457*** |
| | ***Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)*** | ***721 030 641*** | | | | ***721 030 641*** | |
| | ***Agus de sin, faoi Ionstraim EURI*** | ***1 141 582 096*** | ***1 141 582 096*** | | | ***1 141 582 096*** | ***1 141 582 096*** |
| | ***Corrlach*** | ***800 471 475*** | ***28 302 667 913*** | | ***-3 514 000 000*** | ***800 471 475*** | ***24 788 667 913*** |
| | **Ionstraimí speisialta téamacha** | **6 669 866 079** | **5 593 595 842** | | | **6 669 866 079** | **5 593 595 842** |
| | **Iomlán na leithreasuithe** | **199 438 435 982** | **155 209 321 982** | **3 335 000** | **3 515 000 500** | **199 441 770 982** | **158 724 322 482** |